2024/2508

24.9.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2508 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Iúil 2024

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéid a bhaineann le fógraí na mBallstát maidir le praghsanna táirgthe torthaí agus glasraí ar an margadh inmheánach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 223(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 55(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún ([2]), tá na Ballstáit le fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na praghsanna táirgthe torthaí agus glasraí ar an margadh inmheánach a taifeadadh agus a chomhfhreagraíonn do thíopaí agus cineálacha na dtáirgí, na méideanna agus na léirithe mar a shonraítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin. Chun fógraí na mBallstát a ailíniú agus chun feabhas a chur ar inchomparáideacht agus trédhearcacht phraghsanna na dtorthaí agus na nglasraí a liostaítear san Iarscríbhinn sin, is gá forálacha áirithe a chur le hAirteagal 55 den Rialachán Tarmligthe sin.

(2) Chun forbairtí ar mhéideanna ionadaíocha agus léirithe na dtorthaí agus na nglasraí ar an margadh, agus acmhainneacht táirgeachta na mBallstát i gcás torthaí agus glasraí áirithe a chur san áireamh, is gá Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a thabhairt cothrom le dáta, ar bhonn na faisnéise is déanaí atá ar fáil. I ngeall ar an tábhacht eacnamaíoch a bhaineann leo, ba cheart roinnt táirgí a chur leis an liosta san Iarscríbhinn sin. Ba cheart torthaí áirithe a bhaint den liosta sin toisc nach meastar iad a bheith ionadaíoch do mhargadh an Aontais ina iomláine. Chun measúnú nua a dhéanamh ar acmhainneacht táirgeachta na mBallstát, is gá liosta na margaí ionadaíocha a thabhairt cothrom le dáta freisin.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a leasú dá réir sin.

(4) Ós rud é go bhfuil margaí ionadaíocha nua agus táirgí nua in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, ba cheart a ndóthain ama a thabhairt do na Ballstáit a gcórais chumarsáide a oiriúnú. Dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin Tharmligthe seo a chur siar go dtí an 1 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 mar a leanas:

(1) in Airteagal 55(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas in ionad an dara fomhír:

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj).

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún (IO L 138, 25.5.2017, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/891/oj).

‘Ní thabharfaidh na Ballstáit fógra ach amháin maidir le praghsanna torthaí agus glasraí a tháirgtear laistigh dá gcríoch. Cumhdóidh na praghsanna torthaí agus glasraí traidisiúnta, neamhorgánacha atá ceaptha lena dtomhailt agus iad úr.’;

(2) an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear é in ionad Iarscríbhinn VI.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN VI

AN FÓGRA PRAGHAIS DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 55(1)

Táirge	Tíopa/cineál	Léiriú/méid	Margaí ionadaíocha
Trátaí	Ciorclach	Méid 47-102 mm, ar an mórchóir, i bpacáistí 5 nó 6 kg	an Bheilg an Ghréig an Spáinn an Fhrainc an Iodáil an Ísiltír an Pholainn an Phortaingéil an Rómáin
	Triopall	Triopaill de gach cineál ach amháin má tá meánmhéid 47 mm nó níos mó ná 47 mm ag gach tráta aonair, i bpacáistí 3 go 10 kg	
	Speisialta/Silíní	Trátaí scaoilte nó triopall trátaí, trátaí speisialta, má tá meánmhéid na dtrátaí aonair níos lú na 47 mm (40 mm i gcás trátaí silíní), i bpacáistí thart ar 250 go 500 g	
Aibreoga	Gach tíopa agus cineál	Méid 40-50 mm, tráidirí nó pacáistí thart ar 5 go 10 kg nó pacáistí 500 g go 1 kg	an Bhulgáir an Ghréig an Spáinn an Fhrainc an Iodáil an Ungáir an Rómáin
Neachtairíní	Bia geal Bia buí	Méid A/B, tráidirí nó pacáistí thart ar 6 go 10 kg	an Ghréig an Spáinn an Fhrainc an Iodáil
	Neachtairíní leathana	Méid A/B, tráidirí nó pacáistí thart ar 5 kg	
Péitseoga	Bia geal Bia buí	Méid A/B, tráidirí nó pacáistí thart ar 6 go 10 kg nó pacáistí 500 g go 1 kg	an Ghréig an Spáinn an Fhrainc an Iodáil
	Péitseoga leathana	Méid A/B, tráidirí nó pacáistí thart ar 5 kg	
Fíonchaora boird	Gach tíopa agus cineál le síolta Gach tíopa agus cineál gan síolta	Tráidirí idir 300 agus 700 g agus pacáistí 3 go 10 kg	an Ghréig an Spáinn an Fhrainc an Iodáil
Piorraí	Blanquilla	Méid 55/60, pacáistí thart ar 5 go 10 kg	an Bheilg an Ghréig an Spáinn an Fhrainc an Iodáil an Ísiltír an Ostair an Pholainn an Phortaingéil an Rómáin
	Conference	Méid 60/65+, pacáistí thart ar 5 go 10 kg	
	Williams Rocha	Méid 65+/75+, pacáistí thart ar 5 go 10 kg	
	Abbé Fétel Kaiser	Méid 70/75, pacáistí thart ar 5 go 10 kg	
	Doyenné du Comice	Méid 75/90, pacáistí thart ar 5 go 10 kg	

Táirge	Tíopa/cineál	Léiriú/méid	Margaí ionadaíocha
Úlla	Braeburn Cox orange Elstar Gala Golden delicious Jonagold (nó Jonagored) Idared Fuji Shampion Granny Smith Red delicious agus cineálacha dearga eile Ligol Boskoop	Méid 65-80, pacáistí thart ar 4 go 20 kg	an Bheilg an Ghearmáin an Ghréig an Spáinn an Fhrainc an Iodáil an Ungáir an Ísiltír an Pholainn an Phortaingéil an Rómáin
Líomóidí	Gach cineál	Méideanna 3-4, pacáistí thart ar 10 go 20 kg	an Ghréig an Spáinn an Iodáil
Cleimintíní	Gach cineál	Méideanna 1-X-3, pacáistí thart ar 8 go 20 kg	an Ghréig an Spáinn an Iodáil an Fhrainc
Mandairíní	Gach cineál	Méideanna 1-X-3, pacáistí thart ar 8 go 20 kg	an Ghréig an Spáinn an Iodáil
Oráistí	Meán ualaithe náisiúnta na bpríomhchineálacha lena gcumhdaítear 70 % ar a laghad den mhargadh ionadaíoch i dtréimhse thagartha an fhógra	Méid 3-6, pacáistí thart ar 8 go 20 kg	an Ghréig an Spáinn an Iodáil an Phortaingéil
Cíobhaíonna	Green Hayward	Méid 85-90 agus 95-125, pacáistí thart ar 3 go 10 kg	an Ghréig an Spáinn an Fhrainc an Iodáil an Phortaingéil
Cóiliseacha	Gach tíopa agus cineál	Méid 16 go 20 cm	an Bheilg an Ghearmáin an Ghréig an Spáinn an Fhrainc an Iodáil an Ísiltír an Pholainn an Phortaingéil an Rómáin

Táirge	Tíopa/cineál	Léiriú/méid	Margaí ionadaíocha
Ubhthorthaí	Gach tíopa agus cineál	Méid 40+/70+	an Ghréig an Spáinn an Fhrainc an Iodáil an Ísiltír an Rómáin
Mealbhacáin uisce	Meán ualaithe náisiúnta d'fhormhór na dtíopaí agus na gcineálacha ionadaíocha a chumhdaíonn 70 % ar a laghad den mhargadh ionadaíoch	Gnáthchaighdeáin sa mhargadh ionadaíoch	an Bhulgáir an Ghréig an Spáinn an Iodáil an Ungáir an Rómáin
Mealbhacáin	Meán ualaithe náisiúnta d'fhormhór na dtíopaí agus na gcineálacha ionadaíocha a chumhdaíonn 70 % ar a laghad den mhargadh ionadaíoch	Gnáthchaighdeáin sa mhargadh ionadaíoch	an Ghréig an Spáinn an Fhrainc an Iodáil an Phortaingéil an Rómáin
Cúcamair	Cineálacha míne	350 go 500 g, socraithe sa phacáiste	an Bhulgáir, an Ghearmáin an Ghréig an Spáinn an Fhrainc an Iodáil an Ungáir an Ísiltír an Pholainn an Rómáin an Fhionlainn"